# Lios Gréine is Eamhain d'Ultaibh

[Knott, E.: *The Bardic poems of Tadhg Dall Ó hUiginn,* Irish Texts Society 22-23 (1922, 1926), poem 6]

1 Lios Gréine is Eamhain d'Ultaibh,
treabh nách budh tréigthe ar Thailtein;
teach nách fuil barr ar bhronntaibh,
bronntair creach Gall san ghlaintreibh.

2 Síothbhrugh Ealcmhair í ar áille,
treabh do bhí ag ríoghaibh róinne;
lór do chur cháich fá chéile,
ráith gréine mar Bhrugh Bóinne.

3 Re Durlas Ghuaire is gaolmhar,
'sa cumhdach d'ua na n-iarladh;
treabh na slógh bhfleadhach bhfíonmhar,
ríoghbhrugh mór sleaghach srianmhar.

4 Lios Gréine, an cróchbhrugh ceólbhras -
fóirfidh a fhéachain fhiabhras;
a lán ann do gach aoibhnios,
caoimhlios ar lár call gciabhghlas.

5 Brugh slaitgheal nách fiar foirghneamh,
aitreabh na gcliar do chealgadh;
dún geal don mhúr is margadh -
meadh don ardbhrugh Dún Dealgan.

6 Dún creachach cliarach coirneach
an teachso cian bhus cuimhneach;
mór do sgrios an dún dealbhach,
múr meadhrach mar Lios Luighdheach.

7 Dún mar Dhún oirdheirc Uisnigh,
do thoirbhir Cú an chleasraidh;
ná beir mnaoi asteagh don torsoin,
meadh chosmhail don Traoi an teaghsoin.

8 Faithche réidh ghlas fan ngrianbhrugh
mar ar ó léimibh lúidhghreagh;
níor threabh neach an fód fíorghlan
acht gníomhradh each n-óg n-uaibhreach.

9 Eich ar faithche fan bhfionnbhrugh,
sleagha gairthe dá ngormadh;
crú Chuinn re gníomh a nglainghreagh,
ag svníomh tairngeadh gcruinn gcorghlan.

10 Ón damhna is triath don teaghsoin
ar Bhanbha ní bhia easbhaidh;
fear ’sa chlú ar chló na consoin,
meadh chosmhail dó Cú an chleasraidh.

11 Seaán róinn go Ráith Éanna,
cóir leannán ’na lán súla;
bean Chuinn ... ghrádha -
brágha ghaisgidh Fhuinn Úna.

12 Fuair leannán Teamhra troimchion,
Seaán i ndeabhthaibh dearbhthar;
gur theilg tóir ó áth timcheal,
dlighthear sgáth re feirg bhfearchon.

13 Seabhac eich fút go faobhrach,
um chreich námhad go néalmhach;
a chrobh ar gach leith go luaimneach
do sgor uaibhreach do bheith béalbhach.

14 Go bhfuighe a tol ó Theamhraigh,
a mheic Cuinn nár ob iomghuin -
ní bríogh meirbh is dú ar deaghbhlaidh -
dearbhaidh tú t’fheidhm i n-iorghuil.

15 Lugh Lámhfhada, triath Teamhra,
nár fhág biodhbha gan umhla -
iomdha fádh lat dá labhra -
do mhac samhla ós chlár Chunnla.

16 Sín ó Dhún glégheal Geanuinn,
gan chrích Néill fút ná fulaing;
cáir cnú dá cor ós chrobhaing,
toghaim tú ar cháil Con Culainn.

17 Lór mire do chrann gceannchaol,
cuirfiod slógh Gall tar gealchuan;
do reic ní béim ar Bhearchán -
seanchlár Néill deit dá dheaghthuar.

18 Ní mór do chradh cháich chaomhnus,
sróll glan nách gnáth i ngiaillbhrios;
tar éis cean ó thír mar théarnas
mín géarbhras greagh fan ngriainlios.